An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíonra Ghleann Darach
## Cromghlinn

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2008

**CIGIREACHT LEANTACH I NAÍONRA GHLEANN DARACH, CROMGHLINN, CO AONTROMA BT29 4LA (3AB-0523)**

Sa Chigireacht i Mí na Samhna 2006 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí in éiteas an ionaid agus sna tréimhsí fadaithe de dhiansúgradh táirgiúil, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna phríomhréimsí seo a leanas:

- inniúlacht na foirne ar úsáid na Gaeilge;
- na modhanna pleanála agus measúnaithe; agus
- an phleanáil agus na hacmhainní le haghaidh súgartha amuigh faoin spéir.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- Ceapadh ceannaire agus cúntóir nua agus chuaigh siad i mbun dualgas i Meán Fómhair 2007;
- fuarthas cóiríocht nua shoghluaiste;
- forbraíodh an áit súgartha amuigh faoin spéir;
- fuarthas acmhainní breise le haghaidh súgradh fisiceach agus súgradh amuigh faoin spéir;
- tá duine amháin den fhoireann i ndiaidh oiliúint a chríochnú ag Leibhéal 3 den chúrsa i gCáilíocht Náisiúnta Ghairmoideachais; agus
- tá an fhoireann i ndiaidh roinnt cúrsaí oiliúna a dhéanamh agus ina measc clár "Topstart" a chuireann béim ar fhorbairt choirp na bpáistí.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) cuairt chigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a tugadh ar 13 Feabhra 2008.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm:

- tá timpeallacht foghlama níos tarraingtí ar fáil ag na páistí de bharr an tseomra shoghluaiste nua;
- tá an caighdeán idirghníomhaíochta i nGaeilge idir an fhoireann agus na páistí an-ard anois;
- is léir ón dóigh a mbíonn na páistí a freagairt don fhoireann go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha;

- tá an phleanáil scríofa níos cuimsithí agus tá cur síos soiléir anois inti ar na féidearthachtaí sna téamaí agus sna gníomhaíochtaí súgartha;

- bíonn deiseanna rialta ag na páistí ar shúgradh fisiceach fuinniúil; agus

- tá an fhoireann i ndiaidh tacaíocht agus treoir luachmhar a fháil ó shaineolaí oideachais luath-óige an ionaid.

**Is iad na réimsí seo a leanas ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu:**

- caithfidh an fhoireann cur le forbairt a gcuid modhanna pleanála agus measúnaithe agus ceangal ar bhonn níos éifeachtaí a dhéanamh idir an bhreathnóireacht a dhéanann siad ar riachtanais na bpáistí agus an phleanáil scríofa; agus

- caithfidh an fhoireann feabhas a chur ar an phleanáil don súgradh amuigh faoin spéir le deiseanna foghlama a sholáthar i ngach réimse den churaclam réamhscoile.

Ó rinneadh an chigireacht tá luacháil déanta ag an ionad réamhscolaíochta ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa bhunchigireacht. Molann an Chigireacht go ndéanfar forbairt ar na próisis fhéinmheastóireachta le go ndíreofar níos láidre ar fhéinmheastóireacht mar ghléas le feabhsúcháin a thabhairt i gcrích.

Tá cuid mhór dul chun cinn déanta i mbunús na réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh sa chéad chigireacht ach tá roinnt mionréimsí a bhfuil feabhsú de dhíth go fóill orthu. Tá an eagraíocht ag forbairt dianphróiseas féinmheastóireachta a mbeidh feabhsúcháin ann dá bharr.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta sna mionréimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk